

## Polasaí Gaeilge

---

### Próifil Theangacha i limistéar Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSraitha Báin

Labhraítear nó úsáidtear réimse teangacha i limistéar Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSraitha Báin; Béarla, an mhórtéanga, mar aon leis an Ghaeilge agus Ultais, ár miontéangacha dúchasacha réigiúnacha; miontéangacha eitneacha mar an Pholainnis, an Mhandairínis; agus teanga chomharthaíochta na Breataine agus teanga chomharthaíochta na hÉireann.

### Eolas Déimeagrafach

I limistéar Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSraitha Báin tá eolas ar an Ghaeilge ag 13.92% (19,704) agus eolas ar an Ultais ag 5.13% (7,266) den daonra.

Rinneadh taighde in 2018 ar na miontéangacha is mó a labhraítear i scoileanna agus fuarthas gurb iad seo a leanas an chúig theanga is mó: an Pholainnis, an Liotuáinis, an Phortaingéilis, an Romáinis agus an Mhailéalaimis (teanga amháin de 22 teanga a labhraítear san India).

Tagraítear do theanga chomharthaíochta na Breataine mar aon le teanga chomharthaíochta na hÉireann i gComhaontú Aoine an Chéasta agus tugadh aitheantas dóibh mar theangacha iontu féin in 2004. Úsáidtear teanga chomharthaíochta na Breataine ag 3,500 ball den daonra atá bodhar i dTuaisceart Éireann agus úsáideann thart ar 1,500 teanga chomharthaíochta na hÉireann, ach tá teanga ar leith a bhaineann le Tuaisceart Éireann go sainiúil, is é sin, teanga chomharthaíochta Thuaisceart Éireann a mheascann comhréir (struchtúr) theanga chomharthaíochta na hÉireann le léacsacan (stór focal) theanga chomharthaíochta na Breataine.

### Polasaí Gaeilge

Leagann an beartas seo amach gealltanais na Comhairle chun úsáid agus cur chun cinn na Gaeilge a éascú agus a spreagadh. Leagann sé amach oibleagáidí sonracha do chomhairlí áitiúla faoi phársa reachtaíochta ar leith dar teideal an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh.

Seo a leanas cuspóirí an pholasaí:

- Le cloí le gach dualgas reachtúil;
- Le húsáid na Gaeilge a spreagadh sa saol poiblí;
- Le teacht ar eolas agus sheirbhísí na Comhairle i nGaeilge a éascú;
- Le heolas a tháirgeadh i nGaeilge agus le hiarratais ar aistriúcháin agus ateangaireacht a láimhseáil;
- Leis an Ghaeilge a chur san áireamh ar fhéiniúlacht chorparáideach na Comhairle;

## Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin

- Le bheith ag plé leis na meáin trí Ghaeilge thar réimse ardán;
- Le húsáid na Gaeilge a spreagadh ag imeachtaí agus féilte cathartha;
- Le hinfheictheacht phoiblí na Gaeilge a fheabhsú, m.sh. ar chomharthaíocht;
- Le cuidiú le pobal na Gaeilge teacht ar dheiseanna maoinithe.

### Cad é a iarrann an polasaí orainn a dhéanamh go praiticiúil?

- Tá meas againn ar cheart an phobail agus cheart ár bhfostaithe Gaeilge a labhairt san obair agus le leagan Gaeilge dá n-ainmneacha agus seoltaí a úsáid;
- Úsáideann muid an Ghaeilge ar ár mbranda agus lógó;
- Freagraítear comhfhreagras Gaeilge i nGaeilge;
- Déanann muid iarracht an líon is mó dár seirbhísí agus dár n-eolas a chur ar fáil trí Ghaeilge bíodh sin tríd an Oifigeach Gaeilge nó fostaithe eile a bhfuil na scileanna cuí acu;
- Cuireann muid Líne Ghaeilge ar fáil le cuidiú leis an phobal teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge;
- Cuireann muid oiliúint ar fáil dár bhfoirne, go mór mór dóibh siúd a oibríonn go díreach leis an phobal, le cinntiú go dtuigeann gach fostaí an polasaí agus go gcaitheann fostaithe le gach custaiméir le meas ar a gcuid riachtanas teanga agus ar a gcuid íogaireachta cultúrtha;
- Cuireann muid seirbhísí aistriúcháin, ateangaireachta, profála agus dearbhaithe chaighdeán ar fáil do gach Roinn, agus i gcás tograí móra aistriúcháin treoraítear baill fhoirne chuig an roghliosta aistritheoirí agus ateangairí;
- Déanann muid cinnte go dtáirgítear eolas i nGaeilge ar aon chaighdeán le heolas a tháirgítear i mBéarla;
- Soláthraíonn muid réimse foirmeacha agus iarratas i nGaeilge agus déanann muid iarracht seirbhísí a fheabhsú i rith an ama;
- Déanann muid poiblíocht ar ár ngníomhaíochtaí trí Ghaeilge agus bíonn muid ag plé leis na meáin trí Ghaeilge;
- Spreagann muid úsáid na Gaeilge ag féilte, imeachtaí, ócáidí foirmiúla agus cruinnithe poiblí agus cuireann muid aistriúcháin comhuaineach ar fáil ar iarratas;
- Cuireann muid leaganach Gaeilge d'ainmneacha bóithre agus sráide ar fáil áit a dtoileann an pobal leis;
- Cuireann muid an Ghaeilge ar chomharthaíocht na Comhairle agus faoi láthair tá muid ag aimsiú an dóigh is fearr leis an Ghaeilge a chur ar ár mbranda agus ar ár gcuid comharthaíochta amach anseo;
- Cuireann muid fáilte roimh iarratais i nGaeilge do thionscadail Ghaeilge ar ár gcuid scéimeanna maoinithe agus eagraíonn muid féin tionscadail agus tograí páirtíochta le cur le cur chun cinn agus forbairt na Gaeilge sa cheantar.